

An Córas Sláinte

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoi scéim scoir na seirbhísí sláinte. Sula bhféachann tú ar an tuairisc déan iarracht an Ghaeilge a aimsiú do na leaganacha Béarla seo a leanas:

1. Health Service Executive
2. offer/proposition
3. retirement and voluntary redundancy plan
4. aside
5. clerical workers
6. administrative workers
7. go out on pension
8. they have to apply
9. entitled to
10. statutory redundancy
11. Minister for Health
12. In the meantime

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 2 Féach ar an mhír uair amháin agus scríobh achoimre ghearr ar ábhar na míre.

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna:

1. Cén cineál tairisceana atá á tabhairt ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte?
2. Cén fáth ar luadh na huimhreacha seo?
28,000 17,000 11,000
3. Cad é an teorainn ama a bhaineann le hiarratas a chur isteach agus le héirí as?
4. An nglacfar le gach duine a chuirfidh isteach ar an scéim?
5. Cad a bhí le rá ag SIPTU agus IMPACT faoin scéim?
6. Cad a tharla don Aire Sláinte?

Ceist 4 *'fiche a hocht míle oibrí'*
'trí seachtain(e)'
'caoga bliain'

Déan na cleachtaí seo leis an duine in aice leat:

1. Scríobh amach na huimhreacha i bhfocail –

5, 000 workers
108, 000 people
11,000 workers

2. Cad iad na rialacha a bhaineann le hainmfhocal rialta a chomhaireamh idir 1 -10? Bain úsáid as na focail seo chun cuidiú leat na rialacha a chur in iúil – *bord* agus *úll*.
3. Anois, cén fáth a bhfuil an t-ainmfhocal *seachtain* éagsúil? Cén fhoirm de na hainmfhocail thíos a úsáidtear leis na huimhreacha idir 1 – 10?

seachtain *ceann* *bliain*

Ceist 5 *'plean iomarcaíochta deonaí'*

- (a) Cén ghné den ghramadach é an sampla thuas?
(b) Cén fáth a bhfuil an focal *deonach* difriúil sa dá shampla seo?

Deacracht na hoibre *deonaí* **ach** obair an oifigigh *dheonaigh*

- (c) Roghnaigh an fhoirm cheart den fhocal idir lúibíní a théann leis na samplaí seo:

Leabhar an fhir (ghaelaigh/gaelaí) _____
Hata na mná (ghaelaigh/gaelaí) _____
Teach an fheirmeora (dhíograisigh/díograisí) _____
Obair na girsí (dhíograisigh/díograisí) _____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cad atá ar eolas agat faoin Aire Sláinte, Mary Harney?
Cad iad na buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann leis an méid seo daoine imeacht ó na Seirbhísí Sláinte, dar leat?
Cén aois ar mhaith leat féin éirí as, dar leat? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. Health Service Executive – *Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte*
2. offer/proposition – *tairiscint*
3. retirement and voluntary redundancy plan – *plean scoir agus iomarcaíochta deonai*
4. aside – *ar leataobh*
5. clerical workers – *oibrithe cléireachais*
6. administrative workers – *oibrithe riaracháin*
7. go out on pension – *dul amach ar pinsean*
8. they have to apply – *caithfidh siad iarratas a chur isteach*
9. entitled to - *i dteideal*
10. statutory redundancy – *iomarcaíocht reachtúil*
11. Minister for Health – *an tAire Sláinte*
12. in the meantime – *idir an dá linn*

Ceist 2

Iarr ar na foghlaimeoirí achoimre a scríobh. Ní gá ach cúpla líne.

Ceist 3

1. Tá siad ag cur scéim iomarcaíochta deonai agus luathpinsean ar fáil dá gcuid oibrithe.
2. 28,000 – an méid daoine atá ag obair leis an eagraíocht atá i dteideal cur isteach ar an scéim. 17,000 – na hoibrithe cléireachais agus riaracháin atá in ann cur isteach ar an scéim. 11,000 – na hoibrithe tacaíochta atá i dteideal cur isteach ar an scéim.
3. Caithfear iarratas a dhéanamh roimh an naoú lá déag den mhí, agus caithfidh na hoibrithe imeacht roimh dheireadh na bliana.
4. De réir na gcoinníollacha, glacfar le pé oibrí cléireachais agus riaracháin a chuireann isteach ar an scéim, ach ní gá go nglacfar le gach oibrí cúnamh agus tacaíochta a dhéanann iarratas faoin scéim.
5. Dúirt Patricia King ó SIPTU nach bhfuil cur síos déanta sa phlean ar conas mar a bheas an Fheidhmeannacht ábalta feidhmiú gan an cúig mhíle oibrí seo. Dúirt IMPACT go mbeifear ag lorg pacáiste níos airde do na hoibrithe agus nach leor an méid ama atá tugtha d'oibrithe cur isteach ar an scéim.
6. Chaith bean óg péint uirthi nuair a bhí sí ag ócáid in ospidéal Bhaile Formaid.

Ceist 4

1. Cúig mhíle oibrí, céad is a hocht míle duine, aon mhíle dhéag oibrí.

2.

| | | | |
|-------------|-----------|-----------|------------|
| bord amháin | dhá bhord | 3-6 bhord | 7-10 mbord |
| úll amháin | dhá úll | 3-6 úll | 7-10 n-úll |

3. Tá an focal *seachtain* mírialta.

| | | | |
|------------------|----------------|----------------|-----------------|
| seachtain amháin | dhá sheachtain | 3-6 seachtaine | 7-10 seachtaine |
| ceann amháin | dhá cheann | 3-6 cinn | 7-10 cinn |
| bliain amháin | dhá bhliain | 3-6 bliana | 7-10 bliana |

Ceist 5

(a) Is é an tuiséal ginideach (agus den aidiacht) atá i gceist.

(b) Deacracht *na hoibre deonaí* – is focal baininsneach é ‘obair’. Obair *an oifigigh dheonaigh* – is focal firinsneach é ‘oifigeach’.

(c) Leabhar an fhir ghaelaigh

Hata na mná gaelaí

Teach an fheirmeora dhíograisigh

Obair na girsí díograisí

Ceist 6

Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Áine Lally

Tá Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le tairiscint a thabhairt do 28 míle oibrí san eagraíocht ar phlean scoir agus iomarcaíochta deonaí.ⁱ Ceithre chéad milliún euro atá curtha ar leataobh ag an Roinn Sláinte don scéim. Táthar ag súil go nglacfaidh suas le cúig mhíle oibrí léi.

Irene Ní Nualláin.

Céad is a hocht míle duine atá ag obair don bhFeidhmeannacht anois. Tá scéim iomarcaíochta deonaí agus luathphinseanⁱⁱ ar fáil do 28 míle de na hoibrithe seo. Seacht déag míle oibrí cléireachais agus riaracháin atá i dteideal cur isteach ar an scéim, chomh maith le haon mhíle dhéag d'oibrithe tacaíochta. Is féidir le hoibrithe os cionn caoga bliain d'aois dul amach ar pinsean luath faoin scéim, agus tá oibrithe atá faoi bhun seasca bliain d'aois i dteideal cur isteach ar iomarcaíocht dheonach. Caithfear iarratais a dhéanamh roimh an naoú lá déag den mhí, agus caithfidh na hoibrithe imeacht roimh dheireadh na bliana. Tá na hoibrithe i dteideal pá trí seachtaine in aghaidh gach bliain atá oibrithe acu leis an bhFeidhmeannacht, chomh maith leis an iomarcaíocht reachtúil atá ag dul dóibh.

De réir na gcoinníollacha, glacfar le pé oibrí cléireachais agus riaracháin a chuireann isteach ar an scéim, ach ní gá go nglacfar le gach oibrí cúnaimh agus tacaíochta a dhéanann iarratais faoin scéim. Dúirt an tAire Sláinte go sábhálfadh an scéim dhá chéad milliún euro don gCóras Sláinte chuile bhliain.

Dúirt Patricia King ó SIPTU nach bhfuil cur síos déanta sa phlean ar conas mar a bheas an Fheidhmeannacht ábalta feidhmiú gan an cúig mhíle oibrí seo. Dúirt IMPACT go mbeifear ag lorg pacáiste níos airde do na hoibrithe agus nach leor an méid ama atá tugtha d'oibrithe cur isteach ar an scéim.

Idir an dá linn, ghabh na Gardaí bean sna fichidí i mBaile Formaid ar maidin. Chaith an bhean péint dhearg leis an Aire Sláinte ag ócáid in ospidéal Bhaile Formaid. Irene Ní Nualláin. Nuacht TG4.

ⁱ *iomarcaíochta dheonaí a deirtear*

ⁱⁱ *scéim iomarcaíocht dheonach agus luathphinsean a deirtear*